

Spailpín Fánach | Sample answer

“Faighimid léargas iontach sa dán seo ar shaol cruá an Spailpín Fánach agus ar an saghas oibre a bhí ar siúl aige”. (We get an excellent insight in this poem into the hard life of the Spailpín Fánach and the type of work he did)

Dar liomsa, níl aon amhras ach go bhfaighimid léargas iontach (excellent insight) sa dán seo ar shaol cruá (hard life) an Spailpín Fánach agus ar an saghas oibre (type of work) a bhí ar siúl aige. Scríobhadh an dán (it was written) seo ag deireadh an ochtú aois déag (end of the 18th century) nuair a bhí muintir na hÉireann in umar na haimléise (at rock bottom). Bhí na Gaeil (the Irish) go hiomlán faoi smacht (under the control) agus faoi chois ag na Sasanaigh (by the English). Bhí an talamh (ground), an t-airgead agus an cumhacht (power) go léir ag na Sasanaigh agus bhí péindlithe dochta i bhfeidhm (in effect) ar fud na tíre. Ní h-aon ionadh é, mar sin, gur tharla Éirí Amach (Irish rebellion) in aghaidh na Sasanach (against the English) sa bhliain 1798. Bhí aicme (class) daoine ann san am a bhí fágtha gan aon talamh nó maoin (property) acu. Ní raibh an dara rogha (they had no alternative choice) ag na daoine seo ach taisteal timpeall (travel around) na tíre lena gcuid uirlísí (tools) ag sclábhlaíocht (slaving) do na feirmeoirí saibhre (rich farmers) chun fanacht beo (to stay alive). Sa dán seo, faighimid léargas truamhéalach ar Spailpín amháin.

Sa chéad véarsa, deir an Spailpín linn go bhfuil sé ag brath (dependent) go huile is go hiomlán ar a shláinte chun maireachtáil (to live). Caithfidh sé éirí go luath (early) gach maidin

agus siúil tríd an fhéir fliuch ag lorg oibre (seeking work). Deir sé linn freisin go mbuailtear tinn é go minic (he falls ill often) le tinnis a mhaireann trí mhí (lasts 3 months) uaireanta: "ag siúl an drúchta go moch ar maidin / 's ag bailiú galair ráithe".

Is léir go bhfuil sé bréan den shaol (sick of his life) anróiteach (severe) atá aige, agus go bhfuil fearg mhór air go gcaithfidh sé dul ag sclábhaíocht do dhaoine eile. Deir sé go dtroidfidh sé leis (he will fight with) na "Croppies" san Éirí Amach in aghaidh éagóir (injustices) na Sasanach. Tá sé siombalach (symbolic) agus suntasach (significant) go bhfuil sé toilteanach (willing) a uirlísí feirme a leagadh uaidh agus uirlísí cogaidh a thógáil ina n-áit: "Ach glacfad fees ó rí na gcroppies, / cleith is píc chun sáite".

Braithimid freisin an náire (shame) a chuireann a stádas íseal (low status) agus a bhochtaineacht (poverty) air. Tá sé ag iarraidh an t-ainm maslach (insulting name) "spailpín fánach" a chaitheamh uaidh: "Is go brách brách arís ní ghlaofar m'ainm / sa tír seo an spailpín fánach".

Sa dara véarsa, faighimid léargas iontach ar an méid taistil a chaithfidh an spailpín a dhéanamh agus é ag lorg oibre. Siúlann sé (he walks) ó Chluain Meala go Tiobraid Árann, agus ó Charraig na Siúire go Callainn agus Durlas go minic, ag obair d'fheirmeoirí. Agus ar ndóigh níl aon chapall (horse) aige.

Faighimid léargas eile ar an obair a dhéanann sé. Deir sé go n-úsáideann sé "súiste" sna páirceanna agus go ngearann sé bealach leathan láidir tríd na barra leis. Is léir gur oibrí maith (good worker) é agus go bhfuil sé bródúil as (proud of) an obair a dhéanann sé, mar deir sé go bhfuil sé níos fearr ná éinne eile (better than anyone else) leis an súiste: "i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im' ghlaic / ag dul chun tosaigh ceard leo". Cé gur oibrí maith é, ní bhíonn

ach droch-mheas (dog's respect) air ag muintir an bhaile: "is nuair a théim go Durlas 's é siúd a bhíonn agam / 'Sin chú'ibh an spailpín fánach".

Sa triú véarsa, tá sé soiléir go bhfuil an spailpín tinn tuirseach (sick and tired) den sclábhaíocht. Deir sé linn nach bhfuil sé sásta é féin a dhíol agus a shláinte a chur i mbaol (put in danger) ar son na bhfeirmeoirí saibhre níos mó: "Go deo deo arís ní raghad go Caiseal / ag díol nó ag reic mo shláinte". Luann sé an t-aonach híreála a bhíodh ar siúl fadó chun spailpín a fhostú (to employ). Cruthaíonn sé íomhá láidir truamhéalach dó féin ina shuí "cois balla" ar thaobh na sráide ar nós leibide, nó ainmhí gan mhaith, ag fanacht le feirmeoir saibhir chun é a fhostú: "i mo scaoinse ar leataoibh sráide".

Braithimid an t-uaigneas (loneliness) agus an easpa dínite (lack of dignity) a bhaineann lena shaol anseo. Feicimid an chodarsnacht (contrast) ghlan idir a shaol agus saol na bhfeirmeoirí saibhre nuair a luann sé na "bódairí" ag teacht go dtí an t-aonrach ar a gcapaill breátha.

Feicimid sotal (greed) na "bódairí" seo agus iad ag fiafraí de go díspeagúil (asking disparagingly) an bhfuil sé "híreálta" agus ansin iad ag tabhairt orduithe (taking orders) dó chun tosú ag siúil mar tá bóthar fada rompu: "Is téanam chun siúil, tá an cúrsa fada". Is léir ón méid seo thuas go dtugann an dán seo léargas iontach dúinn ar an gcineál saoil agus an cruatan a d'fhulaing (the hardships he suffers from) na spailpíní in Éirinn fadó.